Number 29 Eolas do Chuairteoirí GAEILGE

Is é *Number 29* Músaem Theach Seoirseach Bhaile Átha Cliath. Glac uair an chloig le haghaidh do chuairte le do thoil. Téann cuairteoirí ar thuras treoraithe ón íoslach chuig an áiléar, trí sheomraí a bhfuil fíorthroscán iontu mar a bhíodh idir 1790 agus 1820. Cuirtear tús leis an gcuairt le scannán tosaigh a thugann léargas ar chomhthéacs stairiúil an tí. Cloiseann cuairteoirí scéal chéad áititheoir an tí, Mrs. Olivia Beatty, a d'aistrigh chuig an teach i Samhain 1794.

Leibhéal an Íoslaigh

Tá an siléar fíona, an chúlchistin, an chistin, an landair agus seomra Choimeádaí an Tí in íoslach an tí. Ba ghnách leis na giollaí bealach isteach chuig an gcistin san íoslach a úsáid, a raibh rochtain air trí gheata sna ráillí ag tosach an tí. Ba é seo an áit ba ghnóthaí sa teach, de thairbhe go ndéantaí ullmhú an bhia, an chócaireacht agus an glantachán anseo. Is é an *chúlchistin* an áit fhuar thais sa teach ina nglantaí na glasraí agus ina sciúrtaí na potaí agus na pannaí. Agus an bia ullmhaithe sa doirteal cloiche Bhéal Feirste, b'fhéidir é a aistriú chuig an *gcistin* le haghaidh cócaireachta ag Coimeádaí an Tí. Bhíodh béilí laethúla na ngiollaí acu sa chistin, agus ba ghnách leo ithe as na plátaí péatair atá ar taispeáint ar an gcúldhrisiúr. Nuair a áitíodh an teach don chéad uair, is dócha go raibh sorn sa chistin ina raibh tine oscailte sa lár, ach bhíodh sornóga ar fáil ón 18ú céad déanach. Bhíodh Coimeádaí an Tí ar na daoine ba thábhachtaí i bhfoireann an tí. Bhíodh cónaí uirthi leis an teaghlach agus a seomra measartha suite in aice leis an *landair*. Tríd is tríd, d'fhearastaíodh Bean an Tí an seomra seo le piosaí nach mbítí de dhíth sna seomraí thuas. Mar aon leis na giollaí a threorú, bhíodh Coimeádaí an Tí i mbun na cócaireachta, na ghlantacháin agus na hiarnála, agus bhíodh uirthi cuntais an tí a chomhardú.

An Bunurlár

Bhíodh bealach isteach tosaigh an tí in úsáid ag an teaghlach agus ag a ngaolta agus a gcairde. Meastar gur gné uathúil i mBaile Átha Cliath é an ráille práis atá díreach laistigh de dhoras an *halla*. Meastar go n-úsáidtí é seo chun blaincéad an chóiste a chrochadh agus chun an balla péinteáilte a chosaint ó éadach fliuch. Cé go raibh sé beartaithe an halla bheith tarraingteach sa dearadh, níor chuir cónaitheoirí an tí seo ach dealbhóireacht agus pictiúir ar taispeáint mar gheall ar an tábhacht a bhíodh le slándáil (mar atá le feiceáil ón nglas agus slabhra ar an doras).Bhí bia ar phléisiúir mhóra an tsaoil san 18ú céad, agus ba ócáid ilchasta í an ghnáthchóisir dhinnéir le suas go tríocha mias ar fáil thar na trí chúrsa. Níor tógadh gréithe airgid ón *tSeomra Bia* agus ghlanadh agus chuireadh i leataobh é faoi an-fheitheoireacht. Tar éis an dinnéir ba ghnách leis na fir fanacht ag an tábla le pórt a ól agus todóga a chaitheamh agus na mná thuas staighre sa *Pharlús*.

An Chéad Urlár

Baineadh úsáid as an *bParlús Tosaigh* le haghaidh siamsaíochta agus le saothair ealaíne galánta a thaispeáint. Is sampla maith é an crann mór solas de ghloine shnoite na hÉireann a théann siar go 1830. I gcodarsnacht le cineál poiblí an tseomra seo, ba spás teaghlaigh é an *Cúlpharlús*, áit a mbíodh imeachtaí níos caidreamhaí. Bhíodh ceol agus cluichí cárta mar chuid thábhachtach den siamsaíocht ag na bailiúcháin daoine seo agus, cé go raibh sé costasach, ba dheoch an-choitianta é an tae. Tugtar "pole screen" ar an mír bróidnithe atá in aice leis an tinteán, agus ba chosaint é do snua na mban ó theas na tine.

An Dara hUrlár

Is sa *Boudoir* a ghléasadh Bean an Tí le cuidiú ó ghiolla ar a dtugtaí "Cailín na Mná." Tá samplaí d'éadach ón 19ú céad le feiceáil ar fud an tseomra agus ar an mainicín. Agus an gléasadh déanta, bhíodh bricfeasta ar fáil ag an tábla Pembroke, agus b'fhéidir an mhaidin a chaitheamh ag scríobh litreacha nó le dlúthchairde. Tá an píosa bláthach ballapháipéir sa seomra seo a théann siar go 1825/30 an-suimiuil. I lár an *Phríomhsheomra Leapa* tá leapa cheithre phost ó luath san 19ú céad ar a bhfuil cuirtíní le siorradh a choinneáil amach. Cé gur cosúil nach bhfuil an leapa an-fhada, is mar gheall ar na piliúir mhóra agus na hadhairteanna a éascaíonn codladh i suíomh díreach. Ar taispeáint freisin tá capall aclaíochta bunaidh atá sprionglódáilte agus é beartaithe le marcaíocht a insamhladh. Tá *Seomra Gléasta* en suite sa seomra leapa freisin ina bhfuil roinnt samplái galánta de bhróga bunaidh na mban.

An Tríú Urlár

Ba áit bheoga é barrurlár an tí, de thairbhe é bheith in úsáid ag an mBan-ghobharnóir agus na leanaí amháin. Ba í an Ban-ghobharnóir príomhchúramóir na leanaí, a theagascadh ábhair mar Bhéarla, Stair, Tíreolaíocht, Ceol agus teanga eachtrach, Fraincis is dócha. Theagascadh idir bhuachaillí agus chailíní in obair shnáthaide, mar chreidtí go bhfuair na leanaí múineadh ón gcleachtadh mionchúiseach seo. Tá samplaí éagsúla den obair seo ar fáil i *Seomra an Bhan-ghobharnóra* agus lasmuigh de *Sheomra Súgartha na Leanaí*. Bhíodh seomra codlata na *Naíolainne* spásúil, tirim agus análach mar chaitheadh na leanaí an chuid ba mhó den lá anseo. Mar chuid dá ngnáthamh laethúil, mhúsclaítí na leanaí ar a seacht, nití ag an tine iad agus ghléasadh iad le haghaidh bricfeasta. Tar éis an bhricfeasta, bhíodh ceachtanna acu leis an mBan-ghobharnóir, agus i ndea-aimsir bhíodh aclaíocht faoin aer acu i gCearnóg Mhuirfean. Tá buncheachtanna ón tréimhse le fáil sa "bosca aibítre" atá le feiceáil sa seomra súgartha tadhlach, mar aon le dhá theach móra bábóige.

Tá fáilte roimh chuairteoirí ó gach cearn den domhan chuig Number 29. Déanfaidh ár bhfoireann chairdiúil agus eolasach cinnte go mbeidh cuairt den scoth agat.